C/2026/4099

24.7.2026

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2026

maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann arna athbhunú ag an tSlóivéin ag a teorainneacha inmheánacha talún leis an gCróit agus an Ungáir i gcomhréir le hAirteagal 27a(3) de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen)

(Is é an téacs Slóivéinise amháin atá barántúil)

(C/2026/4099)

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.

(2) De bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) ([1]), d'fhéadfadh Ballstát, nuair a bhíonn bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, rialú teorann a athbhunú ar bhonn eisceachtúil sealadach ag a theorainneacha inmheánacha ar fad nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha. Níor cheart an méid sin a dhéanamh ach amháin mar rogha dheiridh agus maidir le raon feidhme agus fad athbhunú sealadach an rialaithe teorann, níor cheart go sáródh sé sin an méid is gá chun freagairt don bhagairt thromchúiseach a sainaithníodh.

(3) Sonraítear in Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach intuartha, nach mór dó fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le hathbhunú beartaithe an rialaithe sin, 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú an rialaithe teorann atá beartaithe, nó a luaithe is féidir i gcás ina bhfuil an Ballstát ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an ngá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú níos lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú atá beartaithe.

(4) Ceanglaítear le hAirteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen ar an gCoimisiún, tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, ar bhonn an fhorais chéanna, tuairim a eisiúint maidir le riachtanas agus comhréireacht an rialaithe teorann sin.

(5) Rinneadh athbhreithniú substaintiúil ar an gcreat chun rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a fhadú le Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a tháinig i bhfeidhm an 10 Iúil 2024 ([2]). Dá réir sin, rinneadh tús na dtréimhsí uile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II de Chód Teorainneacha Schengen a ríomh ón dáta sin.

(6) Le litir dar dáta an 22 Samhain 2024, thug údaráis na Slóivéine fógra faoi rialú teorann a athbhunú ar bhonn Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, ag teorainneacha inmheánacha talún na Slóivéine leis an gCróit agus an Ungáir ar feadh tréimhse 6 mhí ón 22 Nollaig 2024 go dtí an 21 Meitheamh 2025.

(7) Le litir dar dáta an 22 Bealtaine 2025, thug údaráis na Slóivéine fógra faoin athbhunú sin a fhadú ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 22 Meitheamh 2025 go dtí an 21 Nollaig 2025.

([1]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L, 2024/1717, 20.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1717/oj).

(8) Le litir dar dáta an 20 Samhain 2025, thug údaráis na Slóivéine fógra faoin athbhunú sin a fhadú ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 22 Nollaig 2025 go dtí an 21 Meitheamh 2026.

(9) An 30 Eanáir 2026 agus i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, chuir an tSlóivéin tuarascáil isteach maidir le rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a fhadú le haghaidh na tréimhse idir an 22 Nollaig 2024 agus an 21 Nollaig 2025.

(10) Bhí an tSlóivéin páirteach in idirphlé struchtúrtha an Choimisiúin maidir le rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. Tar éis an fhógra a fháil ón tSlóivéin maidir le fadú, leanadh den idirphlé struchtúrtha sin mar chuid de phróiseas comhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 27a(4) de Chód Teorainneacha Schengen.

(11) Tugadh tuairisc ar staid na himeartha faoi láthair ag na teorainneacha inmheánacha sa Tuarascáil ar Staid Schengen an 23 Aibreán 2025 ([3]) agus pléitear go tráthrialta í ag Comhairle Schengen.

(12) Tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, tá an Coimisiún le tuairim a eisiúint maidir le riachtanas agus comhréireacht an rialaithe teorann sin, dá bhforáiltear in Airteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen. Tháinig an oibleagáid sin chun cinn nuair a fuarthas an fógra maidir le rialú teorann a fhadú ag gach teorainn inmheánach talún an 22 Bealtaine 2025.

(13) Tar éis measúnú a dhéanamh ar na fógraí thuasluaite uile agus ar an tuarascáil thuasluaite, arna forlíonadh leis an bhfaisnéis a sholáthair an tSlóivéin faoi chuimsiú an phróisis comhairliúcháin agus doiciméid oifigiúla eile, nithe atá ar fáil go poiblí, glacann an Coimisiún an Tuairim seo a leanas.

MEASÚNÚ AR NA FÓGRAÍ AGUS AR NA TUARASCÁLACHA

I. CEANGLAIS FHOIRMIÚLA

(14) Faoi chuimsiú fógraí, forchuirtear roinnt oibleagáidí foirmiúla ar na Ballstáit le Cód Teorainneacha Schengen.

(15) Tugadh fógra faoin rialú teorann inmheánaí a athbhunú chomh maith leis na faduithe air i gcomhréir leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 25a(4) de Chód Teorainneacha Schengen, is é sin ceithre seachtaine ar a dhéanaí roimh theacht i bhfeidhm athbhunú nó fhadú an rialaithe teorann inmheánaí.

(16) Rinneadh na fógraí i gcomhréir leis an teimpléad a bunaíodh chun na críche sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún ([4]).

(17) Le hAirteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen, ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcásanna ina bhfuil an rialú teorann i bhfeidhm ar feadh 6 mhí, measúnú riosca a sholáthar in aon fhógra ina dhiaidh sin ina léireofar scála agus éabhlóid réamh-mheasta na bagartha tromchúisí atá mar bhonn le hathbhhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Cé go bhféadfadh sé a bheith deacair do na húdaráis náisiúnta measúnú beacht a dhéanamh ar scála agus ar fhad réamh-mheasta na bagartha tromchúisí, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil measúnú riosca curtha ar fáil ag údaráis na Slóivéine ina gcuirtear san áireamh treochtaí ó thaobh fhorbairt na bagartha tromchúisí sa tréimhse roimhe sin maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú, agus ina n-úsáidtear anailísí riosca arna n-ullmhú ar an leibhéal náisiúnta agus ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais

([3]) COM(2025) 185 final.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear teimpléad chun fógra a thabhairt maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach (IO L, 2025/315, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/315/oj).

(18) Ar deireadh, an tuarascáil maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú, de bhun Airteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, bhí sí dlite an 22 Nollaig 2025 (ar dhul in éag 12 mhí) agus cuireadh isteach í an 26 Eanáir 2026.

II. RIACHTANAS AGUS COMHRÉIREACHT

Seasamh Údaráis na Slóivéine

(19) Sna fógraí uile uathu, agraíonn údaráis na Slóivéine gur ann do bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach, bagairt a eascraíonn go háirithe as ardleibhéal bagairtí sceimhlitheoireachta agus coireachta eagraithe i réigiún na mBalcán Thiar, lena n-áirítear smuigleáil daoine agus gáinneáil ar airm, an baol go mbeidh insíothlú sceimhlitheoireachta ann laistigh de shreabha imirce feadh bhealach na mBalcán chomh maith le bagairtí hibrideacha ó Chónaidhm na Rúise agus ón mBealarúis. Rinneadh an bhagairt slándála sin níos measa mar gheall ar Chluichí Oilimpeacha an Gheimhridh a bhí le hóstáil ag an Iodáil i mí Feabhra 2026, rud a d'fhág go raibh gá le bearta slándála feabhsaithe agus bearta breise ag na teorainneacha inmheánacha mar gheall ar ghaireacht gheografach an imeachta.

(20) Déanann údaráis na Slóivéine tagairt don timpeallacht éagobhsaí i gcomharsanacht an Aontais, lena n-áirítear cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, géarchéimeanna iomadúla sa tSaiheil, i gCorn na hAfraice agus i réigiún na Mór-Lochanna chomh maith leis an staid sa Mheánoirthear, áit a bhfuil méadú breise tagtha ar an éagobhsaíocht tar éis thitim réimeas Assad sa tSiria i mí na Nollag 2024.

(21) Tarraingíonn údaráis na Slóivéine aird ar an méid seo a leanas:

— an baol go ndéanfaidh daoine radacaithe agus baill de ghrúpaí sceimhlitheoireachta, go háirithe trodaithe sceimhlitheoireachta eachracha, sreabha imirce a insíothlú;

— na measúnuithe ar bhagairtí a rinne Meitheal Idir-Aireachta na Slóivéine um Fhrithsceimhlitheoireacht an 16 Meán Fómhair 2025 agus a deimhníodh ina dhiaidh sin an 6 Márta, an 25 Samhain 2025, agus an ceann is déanaí, an 16 Eanáir 2026, lena gcoinnítear leibhéal na bagartha MEDIUM (an tríú ceann de na cúig leibhéal);

— na leibhéil bhagartha a bhfuil méadú tagtha orthu i mBallstáit eile agus idirnascacht limistéar Schengen gan rialú teorann inmheánaí;

— an líon ard leanúnach trasnuithe teorann neamhdhleathacha feadh bhealach na mBalcán Thiar, go háirithe an chuid sin den bhealach ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin tríd an gCróit go dtí an tSlóivéin;

— láithreacht láidir grúpaí coiriúla eagraithe sna Balcáin Thiar a bhíonn ag gabháil do gháinneáil ar airm agus do smuigleáil daoine, as a n-eascraíonn imeacht neamhrialaithe ó ionaid ghlactha;

— an t-ardriosca a bhaineann le gáinneáil neamhdhleathach ar airm i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, i bhfianaise líon mór arm tréigthe agus trealaimh mhíleata eile.

(22) Áitíonn údaráis na Slóivéine go gcuireann athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí ar a chumas don Údarás Póilíneachta daoine atá ag teacht isteach sa tír a shainaithint agus a sonraí a sheiceáil i mbunachair sonraí ábhartha, lena n-áirítear Córas Faisnéise Schengen (SIS) agus bunachair sonraí Interpol.

(23) Tuairiscíonn údaráis na Slóivéine gur taifeadadh 27 747 thrasnú teorann neamhúdaraithe ón 22 Nollaig 2024 go dtí an 21 Nollaig 2025, agus bhí 26 229 díobh sin ag na teorainneacha inmheánacha leis an gCróit agus leis an Ungáir. Ní dhearnadh aon ghabháil maidir le hamhras faoi chionta sceimhlitheoireachta nó gáinneáil ar dhaoine. Ón 1 Eanáir go dtí an 29 Nollaig 2025, ghabh póilíní na Slóivéine 225 dhuine a raibh baint acu le smuigleáil 1 130 imirceach san iomlán.

(24) Tuairiscíonn údaráis na Slóivéine 47 n-amas sa tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 18 Samhain 2025 ar bhonn Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), trínar féidir foláirimh a chlárú in SIS maidir le daoine a bhfuil seiceálacha discréideacha, seiceálacha fiosrúcháin nó seiceálacha sonracha le déanamh orthu chun bagairt thromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an duine atá i gceist nó bagairtí tromchúiseacha eile ar an tslándáil náisiúnta inmheánach nó sheachtrach a chosc.

(25) Tuairiscíonn údaráis na Slóivéine gur eisíodh cinneadh maidir le diúltú cead isteach do 2 263 náisiúnach tríú tír ón 22 Nollaig 2024 go dtí an 21 Nollaig 2025. Rinneadh 344 dhuine san iomlán a athligean isteach faoi chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha maidir le hathligean isteach a bhí ann cheana.

(26) Cuireann údaráis na Slóivéine in iúl, cé go bhfuil laghdú tagtha ar an líon trasnuithe teorann neamhúdaraithe sa tSlóivéin le linn 2025, go bhfuil an líon foriomlán trasnuithe teorann sin fós ard, is é sin 28 200. Ina theannta sin, ón 1 Eanáir go dtí an 8 Márta 2025, thaifead póilíní na Slóivéine 4 099 dtrasnú teorann neamhúdaraithe, ar méadú 50,9 faoin gcéad é i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024.

(27) Sa tuarascáil uathu, aithníonn údaráis na Slóivéine nach féidir an éifeacht a bhí ag rialú teorann inmheánaí ar na bagairtí tromchúiseacha sainaitheanta a chinneadh go héasca agus gan débhrí.

Barúlacha ón gCoimisiún

(28) Chuir údaráis na Slóivéine faisnéis ar fáil maidir leis na gnéithe éagsúla de na bagairtí tromchúiseacha sainaitheanta ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí chomh maith le hargóintí chun bunús a thabhairt le riachtanas agus comhréireacht an rialaithe teorann a athbhunaíodh.

(29) Cé go bhféadfadh an staid dheacair slándála dhomhanda a bheith ina cúis mhór imní do shlándáil náisiúnta na mBallstát, ní chuirtear faisnéis leordhóthanach ar fáil sna fógraí lena mínítear an tionchar atá ag an timpeallacht slándála dhomhanda ar an tSlóivéin go sonrach, go háirithe ag a teorainneacha leis an gCróit agus an Ungáir.

(30) Tugann an Coimisiún dá aire go nascann údaráis na Slóivéine an imirce neamhdhleathach le bagairtí tromchúiseacha ón sceimhlitheoireacht agus ón gcoireacht eagraithe. Ní bagairt thromchúiseach iontu féin iad trasnuithe teorann neamhúdaraithe áfach. Tugann an Coimisiún le fios gur thug an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta laghdú 78 % faoi deara ar bhrath trasnuithe teorann neamhúdaraithe ar bhealach na mBalcán Thiar in 2024 i gcomparáid le 2023. Lean an treocht anuas sin ar aghaidh in 2025, mar gheall ar iarrachtaí comhchoiteanna a bhfuil méadú tagtha orthu chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, agus ní féidir é a chur i leith an rialaithe teorann inmheánaí a bheith athbhunaithe ag an tSlóivéin amháin. In 2025, de réir Fheasacht agus Anailís Chomhtháite Staide an Aontais, tháinig laghdú ar an líon iomlán trasnuithe teorann neamhúdaraithe feadh bhealach na mBalcán Thiar don tríú bliain as a chéile, le 41 faoin gcéad (12 687 in 2025 i gcomparáid le 21 637 in 2024).

(31) Trí rialú teorann inmheánaí a athbhunú, d'fhéadfaí trasnuithe teorann neamhúdaraithe isteach i gcríoch Ballstáit a bhrath, chomh maith le sceimhlitheoirí, smuigléirí daoine nó daoine a bhfuil amhras fúthu go bhfuil baint acu le cineálacha eile coireachta eagraithe, mar a dhéanfaí le haon chineál eile seiceálacha póilíneachta laistigh den chríoch agus go sonrach i limistéir teorann.

(32) Tá imní dhlisteanach curtha isteach ag údaráis na Slóivéine a mhéid a bhaineann leis an riosca go ndéanfadh baill de ghrúpaí sceimhlitheoireachta insíothlú i sreabha imirce, agus aird á tabhairt acu ar shainaithint daoine aonair a bhfuil bagairt thromchúiseach ag baint leo don tslándáil inmheánach nó sheachtrach ar bhonn Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2018/1862.

([5]) Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj).

(33) Cé go n-aithníonn an Coimisiún go bhfuil an teorainn talún idir an tSlóivéin agus an Iodáil mar chuid de bhealach na mBalcán, ar a dtaistealaíonn roinnt imircigh neamhdhleathacha, ní léir fós conas a thagann na rioscaí a bhaineann le Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh chun cinn go sonrach ag an teorainn idir an tSlóivéin agus an Iodáil.

(34) Ní féidir leis an gCoimisiún, ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear sna fógraí agus sa tuarascáil, a shuí go mionsonraithe conas a thug athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí aghaidh ar an mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil náisiúnta a shainaithin an tSlóivéin.

(35) Ní thugtar aon mhíniú ar an bhfáth nach leor bearta malartacha, lena n-áirítear seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann agus comhar póilíneachta trasteorann, a chur i bhfeidhm in ionad athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí ná ní thugtar míniú ar na bacainní dlíthiúla agus/nó praiticiúla is gá a réiteach chun bearta malartacha a dhéanamh in ionad an rialaithe teorann inmheánaí.

(36) Ní luaitear sna fógraí cúiseanna sonracha lena dtugtar údar le rogha an raon feidhme ama a bhaineann leis an gcinneadh maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Luaitear san fhógra nach meastar go dtiocfaidh feabhas ar an staid slándála thar thréimhse 6 mhí, ach ní thugtar aon mhíniú breise.

(37) Ar deireadh, tugann an Coimisiún faoi deara nach bhfuil na hacmhainní daonna a shlógtar le haghaidh an rialaithe teorann ag na teorainneacha inmheánacha leis an Ungáir agus leis an gCróit ar fáil lena n-imlonnú ag teorainneacha seachtracha na Slóivéine agus nach rannchuidíonn siad le bearta malartacha a oibríochtú.

III. BEARTA MALARTACHA

Seasamh Údaráis na Slóivéine

(38) Tugann údaráis na Slóivéine fógra go nglacann siad páirt i ndlúthchomhar póilíneachta ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha leis na Ballstáit chomharsanachta uile.

(39) Déantar comhar réigiúnach leis an gCróit agus an Ungáir faoi chuimsiú Lárionad Dolga Vas i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí. Ina theannta sin, déantar an comhar idir an tSlóivéin, an Chróit agus an Ungáir trí phatróil mheasctha chun coireacht trasteorann a chosc agus chun trasnuithe teorann neamhúdaraithe a bhrath, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine a bhrath ar bhonn táscairí sceimhlitheoireachta agus antoisceachais.

(40) Déanann údaráis na Slóivéine sonraí oibríochtúla agus sonraí staidrimh a bhaineann le fadhbanna a bhfuil tionchar acu ar na teorainneacha inmheánacha comhroinnte a mhalartú go leanúnach lena Ballstáit chomharsanachta, chomh maith le cineálacha eile comhair póilíneachta.

(41) Ó bhí mí na Samhna 2023 ann, tá tionscnaimh nua forbartha agus curtha chun cinn go pras chun an comhar oibríochtúil a neartú ar an leibhéal réigiúnach. An 20 Eanáir 2025, síníodh Meabhrán Tuisceana tríthaobhach idir an tSlóivéin, an Chróit agus an Iodáil inar tháinig na tíortha ar chomhaontú maidir le patróil chomhpháirteacha a imscaradh, chun deireadh a chur le bagairtí slándála agus chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a áirithiú agus é mar chuspóir deiridh rialuithe teorann inmheánaí a tugadh isteach go sealadach idir an Iodáil agus an tSlóivéin, agus idir an tSlóivéin agus an Chróit a bhaint.

(42) Tá dul chun cinn tábhachtach déanta maidir le patróil thríthaobhacha a bhunú ag teorainn sheachtrach na Cróite leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin. Cuireadh tús leis na chéad phatróil phíolótacha i mí an Mheithimh 2025, agus rialú teorann comhpháirteach á dhéanamh ag patróil mheasctha. Tionóltar cruinnithe teicniúla míosúla chun malartú faisnéise a éascú maidir leis an imirce neamhdhleathach feadh bhealach na mBalcán.

(43) Leanann póilíní na Slóivéine de bheith rannpháirteach sa Tascfhórsa Oibríochtúil ZeBRa, a dhéanann imscrúduithe coiriúla casta arb é is aidhm dóibh cur isteach ar ghrúpaí coireachta eagraithe atá ag feidhmiú i réigiún na mBalcán Thiar.

(44) Tá an tSlóivéin ina comhalta de roinnt tionscnamh um chomhar réigiúnach, amhail Próiseas Brdo agus Fóram Salzburg.

Barúlacha ón gCoimisiún

(45) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta malartacha á gcur i bhfeidhm go gníomhach ag an tSlóivéin a ghabhann le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí agus a mhaolaíonn an tionchar a bhaineann leis.

(46) Tugann an Coimisiún dá aire an pháirt ghníomhach a ghlacann an tSlóivéin sa chomhar réigiúnach maidir leis an imirce agus an tslándáil leis na Ballstáit chomharsanachta, chomh maith le tíortha eile sa réigiún, lena n-áirítear an comhar faoin gcur chuige 'bealach iomlán' a chumhdaíonn bealach na mBalcán Thiar.

(47) Tá dul chun cinn nach beag déanta ag an tSlóivéin maidir leis an gcomhar réigiúnach idir údaráis teorann agus phóilíneachta a neartú, lena n-áirítear an dul chun cinn le patróil thríthaobhacha a bhunú ag teorainn sheachtrach Schengen faoin Meabhrán Tuisceana tríthaobhach idir an tSlóivéin, an Chróit agus an Iodáil an 20 Eanáir 2025. Is samplaí iad na tionscnaimh sin de bhearta malartacha rathúla arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar ábhair imní imirce agus slándála.

(48) Tugann an Coimisiún dá aire gur síníodh an comhaontú stádais idir an tAontas agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, rud a chuireann ar a gcumas don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta oibríochtaí comhpháirteacha a imscaradh sa tír sin. Tá feidhm shealadach ag an gcomhaontú stádais sin. Ó bhí an 5 Samhain 2025 ann, imscaradh os cionn 100 buanchór faoi oibríocht chomhpháirteach ag seacht bpointe trasnaithe teorann de chuid na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus ag Aerfort Shairéavó.

(49) Tugann an Coimisiún faoi deara nach bhfuil aon dul chun cinn déanta sa chaibidlíocht maidir le comhaontú déthaobhach nuashonraithe maidir le comhar póilíneachta idir an Chróit agus an tSlóivéin.

(50) Níor chuir údaráis na Slóivéine faisnéis leordhóthanach ar fáil chun a shuí cén fáth nach féidir le comhar póilíneachta trasteorann treisithe, agus é á chomhlánú le seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann, a bheith ina rogha mhalartach leordhóthanach in áit rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

(51) Le scála agus cineál na mbeart malartach a chuir údaráis na Slóivéine i bhfeidhm, i ndlúthchomhar lena Ballstáit chomharsanachta, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann deireadh a chur de réir a chéile leis an rialú teorann inmheánaí gan an tslándáil a chur i mbaol.

(52) Meabhraíonn an Coimisiún, má chinneann an tSlóivéin seiceálacha póilíneachta a dhéanamh in ionad an rialú teorann inmheánaí, go leanfar de chead a bheith ag údaráis na Slóivéine, faoi Airteagal 25 de Chód Teorainneacha Schengen, an rialú teorann inmheánaí a athbhunú láithreach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil náisiúnta a thagann chun cinn gan choinne mar gheall ar imeachtaí nárbh fhéidir a thuar.

IV. BEARTA MAOLAITHE

Seasamh Údaráis na Slóivéine

(53) Áitíonn údaráis na Slóivéine go ndéantar seiceálacha teorann ar bhealach spriocdhírithe ar bhonn anailísí riosca agus próifílí riosca seanbhunaithe, chomh maith le faisnéis a fhaightear ó Údaráis Phóilíneachta na dtíortha comharsanachta.

(54) Is ag pointí trasnaithe teorann le haghaidh trácht idirnáisiúnta ar bhóithre (14 san iomlán) agus ag pointí trasnaithe teorann le haghaidh trácht idirnáisiúnta iarnróid (8 san iomlán) agus ag na pointí sin amháin a dhéantar rialú teorann ar bhonn leanúnach, cé go mbíonn sé spriocdhírithe agus rioscabhunaithe i gcónaí. Níor bunaíodh aon bhonneagar buan le haghaidh na seiceálacha sin.

(55) Déantar na seiceálacha ar bhealach a n-íoslaghdaíonn a dtionchar ar shreabha paisinéirí trasteorann, ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar agus go háirithe ar shaol daoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin teorann.

(56) Chun a áirithiú gur cuireadh an pobal ar an eolas go maith faoi athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí, foilsíodh liosta de na pointí trasnaithe teorann ag a gceadaítear an teorainn náisiúnta a thrasnú ar feadh thréimhse athbhunú sealadach na rialuithe in Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine agus roinn na húdaráis fhreagracha é trí bhealaí cumarsáide éagsúla.

Barúlacha ón gCoimisiún

(57) Léiríonn na fógraí a chuir údaráis na Slóivéine isteach a dtiomantas a áirithiú go leanfaidh tionchar an rialaithe ag teorainneacha inmheánacha de bheith teoranta mar a cheanglaítear le hAirteagal 26(3) de Chód Teorainneacha Schengen.

(58) Tugann an Coimisiún dá aire go ndéantar rialú teorann ar bhealach spriocdhírithe rioscabhunaithe, chun an tionchar ar thaisteal trasteorann a theorannú.

(59) Tá an fhaisnéis shonrach maidir leis an éifeacht atá ag athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí ar na réigiúin trasteorann is mó a mbaineann athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí leo in easnamh sna fógraí agus sa tuarascáil, fiú dá bhféadfadh an tionchar sin a bheith teoranta.

(60) Tá bearta déanta ag an tSlóivéin, faoi threoir an Choimisiúin agus i ndlúthchomhar lena Ballstáit chomharsanachta, chun éascaíocht an tráchta ag na pointí trasnaithe talún inmheánacha inar athbhunaíodh na rialuithe a áirithiú.

(61) Ní bhfuair an Coimisiún aon ghearán ná foláireamh maidir le mórshuaitheadh tráchta mar thoradh ar athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí, cé gur tuairiscíodh moilleanna ó am go chéile, go háirithe ag an teorainn idir an tSlóivéin agus an Chróit le linn na séasúr saoire.

(62) Tá fógra tugtha ag an tSlóivéin faoina réigiúin trasteorann faoi Airteagal 42b de Chód Teorainneacha Schengen.

(63) Liostaigh údaráis na Slóivéine na réigiúin trasteorann a ndearna an rialú athbhunaithe difear dóibh de réir na coda den teorainn inmheánach atá i gceist ach tá faisnéis shonrach maidir le héifeacht an athbhunaithe, fiú má tá sí teoranta, ar na réigiúin trasteorann is mó lena mbaineann, mar atá Stiúrthóireachtaí Póilíneachta Koper, Liúibleána, Novo mesto, Celje, Maribor, agus Murska Sobota, in easnamh.

V. MOLTAÍ

(64) Ba cheart don tSlóivéin leas iomlán a bhaint as na bearta malartacha atá ar fáil mar a leagtar amach i Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún ([6]) agus as na féidearthachtaí faoi Chód Teorainneacha Schengen. Ba cheart na bearta atá ann cheana a threisiú agus a chomhlánú leis na bearta sin. D'fhéadfadh bearta malartacha a bheith ina modh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí chun ardleibhéal slándála a áirithiú, gan gá le rialú teorann inmheánaí a athbhunú, agus iad a dhíriú go sonrach ar bhagairtí sceimhlitheoireachta chomh maith le grúpaí coireachta eagraithe i réigiún na mBalcán Thiar, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu le smuigleáil daoine.

(65) Is iad na hábhair imní slándála na príomhchúiseanna a chuir an tSlóivéin chun cinn chun údar a thabhairt le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Cuireann dlí an Aontais réimse uirlisí ar fáil cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na sásraí atá ann cheana chun slándáil agus comhar a fheabhsú. Áirítear orthu sin Rialachán Prüm II, Córas Faisnéise Schengen nua agus an reachtaíocht nua maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí agus Taifead Ainmneacha Paisinéirí ([7]). Le teacht i bhfeidhm EES agus ETIAS, daingneofar na teorainneacha seachtracha a thuilleadh ([8]).

(66) Cuireann an Coimisiún in iúl, de bhun an Rialacháin maidir le Scagadh ([9]), atá mar chuid den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, go bhfuil seiceáil slándála ar na bunachair sonraí ábhartha uile ina cuid den scagadh ag na teorainneacha seachtracha, agus laistigh den chríoch freisin.

(67) Molann an Coimisiún d'údaráis na Slóivéine a gcomhaontuithe déthaobhacha comhair le Ballstáit chomharsanachta a fhorbairt a thuilleadh agus, i gcás inar gá, iad a athbhreithniú, go háirithe an comhaontú maidir le comhar póilíneachta leis an gCróit.

(68) Ba cheart d'údaráis na Slóivéine leanúint den chomhar tríthaobhach atá acu cheana leis an Iodáil agus leis an gCróit agus é a fhorbairt a thuilleadh agus, san am céanna, cur le tionscnaimh comhair réigiúnaigh eile a bhfuil baint ag na Ballstáit agus ag tíortha eile sna Balcáin Thiar leo.

([6]) Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (IO L, 2024/268, 17.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/268/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, agus lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán Prüm II) (IO L, 2024/982, 5.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/982/oj); Rialachán (AE) 2018/1862; Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (IO L, 2025/13, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/13/oj); Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj).

([8]) Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2226/oj); Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).

(69) Áitíonn an Coimisiún go bhfuil an bealach ina ndéantar seiceálacha teorann, is é sin i bhfoirm spotseiceálacha rioscabhunaithe, fós indéanta faoi Airteagal 23 de Chód Teorainneacha Schengen, gan iallach a bheith ann rialú teorann inmheánaí a athbhunú go hoifigiúil ná baint den tslándáil, ar choinníoll nach mbeadh éifeacht choibhéiseach ag na seiceálacha sin le seiceálacha teorann, rud a éilíonn go mbeidh a minicíocht, a ndéine agus a bhfad teoranta i gcónaí ([10]).

(70) An comhar rathúil leis na Ballstáit chomharsanachta agus le tríú tíortha, chomh maith le bearta malartacha a chur i bhfeidhm, measann an Coimisiún go gcuireann siad bonn láidir ar fáil ar ar féidir leis an tSlóivéin oibriú anois chun deireadh a chur de réir a chéile leis an rialú teorann inmheánaí, gan iallach a bheith uirthi baint dá slándáil. Fanfaidh sé i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit uile lena mbaineann chun an sprioc sin a bhaint amach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Magnus BRUNNER
Comhalta den Choimisiún

([10]) Breithiúnas ón gCúirt an 21 Meitheamh 2017, Imeachtaí coiriúla in aghaidh A, Cás C-9/16 (IO C 277, 21.8.2017, lch. 10).